Spraoi an tSamhraidh

Seo cuid de na páistí a bhí ag an Champa Samhraidh i mBaile Locha Riach agus iad ag glacadh sosa le linn a dturas go Gairdíní Bhríde; Thea ***Lawrence Flannery, Aoife Ní Bhreathnach, Amy Ní Ghiollarnath, Tiernan Ó Ceallaigh*** *agus* ***Ava Donaghue****.*

Bhí go leor craic agus spraoi ag an *champa samhraidh i mBaile Locha Riach* arís i mbliana. Gan amhras, bhain suas le dá scór daltaí sult iontach as an champa a bhí ar siúl idir 10 agus 14 Lúnasa ag *Gaelscoil Riabhach* sa bhaile.

Bhí an campa eagraithe ag *Gaeilge Locha Riach* agus maoinithe ag *Foras na Gaeilge*. Bhí **Caitríona Ní Ríordáin** mar stiúrthóir ar an chúrsa agus ceannairí breise ag obair léi i rith na seachtaine; **Elaine De Faoite** agus **Nóra Ní Fhlannagáin**. Caithfidh a rá go raibh neart spraoi ag gach uile duine ina raibh cluichí, spórt, ról-imirt, ealaín, ceol, amhránaíocht, drámaíocht agus a lán eile ar siúl acu le linn an champa.

Mar aon leis an mhéid sin, tháinig go leor cuairteoirí chuig an champa le ceardlanna speisialta a eagrú. Bhí **Úna Ní Fhlannagáin** i mbun ceardlann ceoil is damhsa ar an tsean-nós agus bhí ceardlann ealaíona faoi stiúir **Áine Uí Fhlannagáin**. Bhí ceardlann iontach maith acu agus iad i mbun cócaireachta le **Gabrielle Uí Ríordáin**, ag déanamh pancóga is cistí milse. Caithfidh a rá go raibh béim iontach curtha ar chúrsaí spóirt le linn an champa agus cuireadh spéis faoi leith sa cheardlann iomána le **Brian Mahony**.

Bhí turas breá eagraithe go speisialta go *Gairdín Bhríde, Ros Cathaill, Maigh Cuilinn*. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh rompu ansin agus iad tugtha ar chamchuairt thart ar na gairdíní galánta ann. Bhí picnic beag ag na páistí ansin agus deis acu gabháil ag iascaireacht, cluichí éagsúla a imirt agus sult a bhaint as dea-aimsir an lae.

Caithfidh a rá go raibh freastal breá fairsing ar an champa. Cuireadh fáilte ar leith roimh an teaghlach **Mhic Chonmidhe** as *Béal Feirste* agus roimh ***mhuintir Uí Chiardhubháin*** as *Tiobráid Árainn*. Cinnte, tháinig formhór na bpáistí ón cheantar mórthimpeall.

Faraor, bhí seans ag tuismitheoirí is cairde sult a bhaint as seó den scoth a d'eagraigh na daltaí mar chlabhsúr ar an champa. Ba léir gur bhain cách sult as an amhránaíocht, an damhsa is drámaíocht an tseó. Seá, craic go leor ag an champa....cheana féin, tá daoine ag caint faoi 'Campa Samhraidh 2010'!

Plenty of fun at the Campa Samhraidh

*Bhain na buachaillí **Caolfinn de Faoite** agus **Maitiú Ó Scanláin** an-taitneamh as an iascaireacht ag Gairdíní Bhríde le linn Champa Samhraidh Locha Riach.*

There was a lot of spoirt, fun and 'craic go leor' at the *Campa Samhraidh in Baile Locha Riach* again this year. Almost 40 students enjoyed the Irish Language summer camp that took between the 10th and 14th August in *Gaelscoil Riabhach* in the town.

Gaeilge Locha Riach organized the camp that was funded by *Foras na Gaeilge*. **Caitríona Ní Ríordáin** was the director of the course and a few others helped out over the week; **Elaine De Faoite** and **Nóra Ní Fhlannagáin**. Everyone seemed to have plenty of fun with games, sport, role-play, artwork, music, singing, drama and a lot more organized over the week.

As well as this, a number of visitors came to the camp and organized special workshops that proved to be very enjoyable. **Úna Ní Fhlannagáin** took charge of a music and sean-nós dancing workshop and a special art workshop was conducted by **Áine Uí Fhlannagáin**. Everyone seemed to reap the benefit of the cookery workshop directed by **Gabrielle Uí Ríordáin**, with pancakes and cakes on the menu. There was great emphasis on sport during the week and great interest in the hurling skills taught by **Brian Mahony**.

There was a very enjoyable trip organized to *Bridgets Garden, Ros Cathaill, Maigh Cuilinn* where they were all given a great welcome and taken on a guided tour of the gardens. They had a lovely picnic on the grounds and the opportunity to do a spot of fishing, play a few more games and enjoy the fine weather.

It must be said that there was a wide attendence at the Campa Samhraidh with a particular welcome to the **Mac Conmidhe** family from *Béal Feirste* and **Kirwan's** travelling from *Tipperary*. Of course, most of those attended from the east Galway locality

As the camp came to a close, friend and family were invited to attend a special performance which the children had been rehearsing throughout the week. It seemed that everyone really enjoyed the singing, dancing and drama of the show. Yes, there was plenty of fun at the camp .... folk are already asking about 'Campa Samhraidh 2010'!

Na Leaids*... Bhí craic agus spraoi go leor ag na leaids* ***Calum Mac Tomáis****,* ***Maitiú Ó Scanláin*** *agus* ***Tiernan Ó Ceallaigh*** *ag Campa Locha Riach.*

Cailíní Ealaíonta *... Bhí cairde nua cothaithe i measc na gcailíní seo agus iad i mbun ceardlann ealaíona;* ***Ava Donaghue****,* ***Emily Watkins****,* ***Carole Bateman****,* ***Róisín Ní Chiardhubháin*** *agus* ***Gráinne Ní Ghiollarnath****.*

***Ar an sliotar**... bhain go leor daoine an-sult an an spórt ar fad le linn Champa Locha Riach, **Carole Bateman** anseo le feiceáil sa tóir ar an sliotar!*

***Rang Cócaireachta**... Bhí spraoi go leor ag na daoine óga i mbun cócaireachta ag Campa Locha Riach; **Micheál Mac Giollarnath**, **Anna Ryan** agus **Sarah Burns** ag blaiseadh rudaí milse!*